Cúrsaí Bia – Suirbhé

Treoracha agus moltaí

Treoracha

1. Moltar obair a dhéanamh leis an foghlaimeoirí ar stór focal a bhaineann le cúrsaí bia sula dtugtar faoin ngníomhaíocht seo. Is saorchleachtadh éifeachtach é chun focail a bhaineann le cúrsaí bia a chur i gcomhthéacs ach bíonn cleachtadh meicniúil ag teastáil roimh ré.

2. Éiríonn níos fearr leis an ngníomhaíocht seo má bhíonn an deis ag foghlaimeoirí siúl timpeall an ranga ag cur ceiste ar dhaoine, seachas fanacht ina suí.

3. Iarr ar na foghlaimeoirí an suirbhé a léamh. Ansin iarr orthu siúl timpeall an ranga agus na ceisteanna sa suirbhé a chur ar thriúr eile sa rang.

Moltaí

- Is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí ceist amháin sa bhreis a chur leis an suirbhé – ceist a chumann siad féin.

- Is féidir iarobair ranga a dhéanamh ina dtugtar cuntas ar na béilí is minice a réitíonn na foghlaimeoirí.

Suirbhé: Cúrsaí Bia

Ceist	Duine 1	Duine 2	Duine 3
Cad iad na bianna is fearr a thaitníonn leat?			
Cad iad na bianna nach n-itheann do chuid páistí?			
An bhfuil bianna nach réitíonn le muintir do thí?			
Cad a bhíonn i mbosca lóin do pháiste(í)?			
Cad é an béile is minice a ullmhaíonn tú?			
Cad é an t-ollmhargadh is fearr leat?			